# TIMSS 2023

## Torthaí na hÉireann don Mhatamaitic agus don Eolaíocht



# Cad is TIMSS ann?

Tá TIMSS (Treochtaí i Staidéar Idirnáisiúnta Matamaitice agus Eolaíochta) ar cheann de na staidéir oideachais is mó ar domhan.

Déanann sé measúnú ar scileanna matamaitice agus eolaíochta daltaí sa bhunscoil (ag Rang a Ceathair) agus scoláirí san iar-bhunscoil (ag an Dara Bliain).

Tarlaíonn TIMSS gach ceithre bliana agus is é TIMSS 2023 an t-ochtú timthriall de TIMSS.

Ghlac Éire páirt i gcúig thimthriall TIMSS: 1995, 2011 (Rang a Ceathair amháin), 2015, 2019 agus 2023.

Tá TIMSS á bhainistiú in Éirinn ag an bhForas Taighde ar Oideachas thar ceann na Roinne Oideachais.

Bailíonn TIMSS sonraí comhthéacsúla freisin ó scoláirí, ó mhúinteoirí, ó phríomhoidí scoile agus ó thuismitheoirí/ chaomhnóirí a thugann léargas leathan ó dhearcthaí éagsúla.

## TIMSS 2023

Go hidirnáisiúnta, ghlac 65 tír agus níos mó ná 650,000 scoláire páirt in TIMSS 2023. In Éirinn, ghlac 12,686 scoláire 198 bunscoil agus 162 iar-bhunscoil páirt ann.

In TIMSS 2023, d'aistrigh Éire ó thástáil pháipéar-bhunaithe go dtí tástáil dhigiteach. Chun é seo a chur san áireamh, riaradh staidéar náisiúnta ar 'éifeacht an mhodha' freisin chun monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar aon difríochtaí i ngnóthachtáil na scoláirí de réir an mhodha tástála (cuirtear na torthaí i láthair thíos).

Riaradh TIMSS 2023 in Éirinn i Márta agus Aibreán 2023 ar shamplaí ionadaíocha náisiúnta de scoláirí. Ciallaíonn sé seo gur féidir na sonraí ón staidéar seo a ghinearálú don daonra náisiúnta iomlán de dhaltaí i Rang a Ceathair agus scoláirí sa Dara Bliain.



Ina theannta sin, chinntigh ardrátaí freagartha go bhfuil na sonraí cruinn agus iontaofa.

# Cad a bhíonn á meas ag TIMSS?

Tá measúnú TIMSS bunaithe ar Chreat Measúnaithe atá eagraithe ar dhá ghné: réimsí ábhair agus réimsí cognaíocha. Sonraíonn na réimsí ábhair an t-ábhar, agus sonraíonn na réimsí cognaíocha na próisis smaointeoireachta.

| | Matamaitic | Eolaíocht |
|---|---|---|
| **Réimsí Ábhair** | Uimhreas<br>Ailgéabar<br>Céimseata agus Tomhas<br>Sonraí agus Dóchúlacht | Bitheolaíocht<br>Ceimic<br>Fisic<br>Domhaneolaíocht |
| **Réimsí Cognaíocha** | Fios<br>Cur i bhfeidhm<br>Réasúnaíocht | |

Foras Taighde ar Oideachas
Educational Research Centre

**Go raibh maith agat!**

Ba mhaith leis an FTO buíochas ó chroí a ghabháil le gach duine a ghlac páirt in TIMSS 2023, lena n-áirítear scoláirí, múinteoirí, príomhoidí scoile agus tuismitheoirí/caomhnóirí.

# Torthaí iomlána scoláirí an Dara Bliain

## Maths

**Éire: 522**

**Meán Idirnáisiúnta TIMSS: 478**

▲ Níos fearr ná **Éire**

**5 Thír:**
Singeapór, Tai-pei na Síne, Poblacht na Cóiré, an tSeapáin, SAR Hong Cong

≈ Cosúil le **hÉirinn**

**4 Thír:**
Sasana, Poblacht na Seice(AE), an tSualainn(AE), an Liotuáin(AE)

▼ Níos ísle ná **Éire**

**34 Tír lena n-áirítear**
An Ostair(AE), an Astráil, an Tuirc, an Ungáir(AE), an Fhionlainn(AE), an Iorua, an Iodáil(AE), Málta(AE), an Rómáin(AE), an Chipir(AE), Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, Stáit Aontaithe Mheiriceá, an Fhrainc(AE), an Phortaingéil(AE)

## Science

**Éire: 525**

**Meán Idirnáisiúnta TIMSS: 478**

▲ Níos fearr ná **Éire**

**4 Thír:**
Singeapór, Tai-pei na Síne, an tSeapáin, Poblacht na Cóiré

≈ Cosúil le **hÉirinn**


**9 dTír:**
Sasana, an Fhionlainn(AE), an Tuirc, SAR Hong Cong, Poblacht na Seice(AE), an Ungáir(AE), an tSualainn(AE), an Astráil, an Liotuáin(AE)

▼ Níos ísle ná **Éire**

**30 Tír lena n-áirítear**
Stáit Aontaithe Mheiriceá, an Ostair(AE), an Phortaingéil(AE), Málta(AE), an Iodáil(AE), an Iorua, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, an Fhrainc(AE), Catar, Iosrael, an Rómáin(AE), an Chipir(AE)

# Treochtaí sa ghnóthachtáil

- Ní raibh aon athrú suntasach ar an meánghnóthachtáil don mhatamaitic ná don eolaíocht ó 2019 i leith.
- Tá seasmhacht i meánghnóthachtáil na matamaitice agus na heolaíochta ó 2015 i leith.





# Inscne

Bhain buachaillí meánscóir níos airde amach ná mar a bhain cailíní sa mhatamaitic agus san eolaíocht..



# DEIS

Bhí meánscóir ghnóthachtála níos ísle ag daltaí i scoileanna DEIS sa mhatamaitic agus san eolaíocht ná mar a bhí ag daltaí i scoileanna nach scoileanna DEIS iad.



# Tagarmharcanna idirnáisiúnta

Úsáidtear Tagarmharcanna Idirnáisiúnta TIMSS chun cur síos a dhéanamh ar na sainscileanna agus ar an eolas is féidir le scoláirí a léiriú ag leibhéil éagsúla de ghnóthachtáil na matamaitice agus na heolaíochta..

## Matamaitic

| Tagarmharc | Cur síos | % carnach na scoláirí |
|---|---|---|
| An-Ard | Is féidir le scoláirí a dtuiscint a leathnú níos faide ná oibriú le slánuimhreacha leo féin chun éagsúlacht fadhbanna a réiteach i gcomhthéacsanna nua. | 9 |
| Ard | Is féidir le scoláirí a dtuiscint choincheapúil a chur i bhfeidhm i gcásanna éagsúla atá sách casta. | 38 |
| Meánach | Is féidir le scoláirí eolas matamaitice a chur i bhfeidhm i gcásanna éagsúla. | 73 |
| Íseal | Tá eolas ag scoláirí ar shlánuimhreacha, ar chruthanna bunúsacha, agus ar léiriúcháin amhairc. | 93 |

- Ní raibh aon difríocht shuntasach i gcéatadán na scoláirí a bhain gach ceann de Thagarmharcanna TIMSS amach in 2023 i gcomparáid le 2019.
- In 2023, bhain níos mó buachaillí na Tagarmharcanna 'Meánach', 'Ard' agus 'An-Ard' amach ná mar a bhain cailíní.

## Eolaíocht

| Tagarmharc | Cur síos | % carnach na scoláirí |
|---|---|---|
| An-Ard | Is féidir le scoláirí coincheapa a bhaineann le bitheolaíocht, ceimic, fisic, agus domhaneolaíocht a thaispeáint, a chur i bhfeidhm agus ciall a bhaint astu i gcomhthéacsanna éagsúla, agus is féidir leo tabhairt faoi chleachtais eolaíochta níos casta. | 13 |
| Ard | Léiríonn agus cuireann na scoláirí eolas ar choincheapa ó bhitheolaíocht, ceimic, fisic agus domhaneolaíocht i bhfeidhm, agus tugann siad faoi chleachtais eolaíocha éagsúla. | 41 |
| Meánach | Is féidir le scoláirí tuiscint ar choincheapa áirithe ó bhitheolaíocht, ceimic, fisic agus domhaneolaíocht a chur i bhfeidhm, agus téann siad i ngleic le roinnt cleachtais eolaíochta. | 72 |
| Íseal | Léiríonn scoláirí eolas ar roinnt fíricí eolaíochta agus cuireann siad na fíricí i bhfeidhm. | 91 |

- Bhain níos mó scoláirí an Tagarmharc 'Ard' amach in 2023 i gcomparáid le 2019.
- In 2023, bhain níos mó buachaillí na Tagarmharcanna 'Ard' agus 'An-Ard' amach ná mar a bhain cailíní.

# Réimsí ábhair

## Matamaitic

| | |
|---|---|
| Láidreacht | Uimhreas |
| | Sonraí agus Dóchúlacht |
| Laige | Céimseata agus Tomhas |
| | Ailgéabar |


## Eolaíocht

| | |
|---|---|
| Láidreacht | Domhaneolaíocht |
| Ní láidreacht ná laige iad | Ceimic |
| | Fisic |
| Laige | Bitheolaíocht |


# Staidéar náisiúnta ar éifeacht an mhodha

Mar chuid den aistriú go dtí tástáil dhigiteach, rinneadh staidéar náisiúnta ar éifeacht an mhodha. Chomh maith leis an triail dhigiteach a tugadh d'fhormhór na ndaltaí, tugadh leagan páipéir den triail ar do shampla ionadaíoch náisiúnta breise de dhaltaí.

Ní raibh tionchar suntasach ag an modh riar (páipéar nó digiteach) ar ghnóthachtáil iomlán na scoláirí sa mhatamaitic ná san eolaíocht.



# Féin-éifeachtúlacht dhigiteach





Tá féinéifeachtúlacht dhigiteach bunaithe ar an méid a aontaíonn scoláirí le ráitis éagsúla faoina muinín agus iad ag úsáid gléasanna digiteacha.

As seacht mír i gCeistneoir na Scoláirí, cruthaíodh scála agus cuireadh na scoláirí sna catagóirí *ard, meánach* agus *íseal* ó thaobh na féin-éifeachtúlachta digití de.

In Éirinn, rangaíodh trí cheathrú de scoláirí mar scoláirí ag a raibh *féin-éifeachtúlacht dhigiteach ard*, go mór os cionn an mheáin idirnáisiúnta.

Ag féachaint ar na míreanna aonair atá sa scála, is é seo a leanas an céatadán scoláirí in Éirinn *a aontaíonn go mór* gur féidir leo gléas digiteach a úsáid le haghaidh na dtascanna seo:




# Tuilleadh eolais

Tá an tuarascáil náisiúnta ar na príomhthorthaí gnóthachtála ar fáil anseo: https://doi.org/10.70092/2009137.1224.

Cuirfear tuarascálacha comhthéacsúla leantacha ar fáil ar shuíomh gréasáin an FTO (erc.ie/studies/timss/reports/) nuair a eiseofar iad agus cuimseofar iontu:

- Dearcthaí agus peirspictíochtaí na scoláirí i leith na matamaitice agus na heolaíochta.
- Measúnú ar thréithe, acmhainní agus cleachtais i scoileanna agus i seomraí ranga ag an leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile araon.
- Gnéithe de thimpeallacht foghlama baile na scoláirí
- Feasacht chomhshaoil na scoláirí.